Cosaint Sonraí

1.1 Maidir le d'iarratas ar chuntas agus tar éis duit ceann a oscailt linn, iarraimid ort d'ainm, do sheoladh rphoist, uimhir ghutháin teagmhála, cláruimhir feithicle agus sonraí cárta creidmheasa, cárta dochair nó dochair díreach, a sholáthar dúinn, i measc rudaí eile. Bainimid úsáid as na sonraí seo d'fhonn do chuntas linn a bhainistiú agus d'íocaíochtaí dola a phróiseáil. Ní bhailímid aon sonraí pearsanta seachas an méid atá riachtanach chun na cuspóirí seo a chomhlíonadh.

1.2 D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a nochtadh dár ngníomhairí, conraitheoirí agus soláthraithe seirbhíse chomh fada is atá sé riachtanach go réasúnta do na cuspóirí léirithe thuas.

1.3 D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a nochtadh d'oibreoir ábhartha comhoiriúnach maidir le soláthar idirbhearta dola comh-inoibritheacha in Éirinn.

1.4 D'fhéadfaimis eolas a roinnt freisin faoin slí a ndéileálann tú le do chuntas le gníomhaireachtaí teistiméireachta creidmheasa.

1.5 Coimeádfar na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú dúinn ar fhreastalaithe slán óstáilte ag BetEire Flow. Tabharfaimid faoi na céimeanna réasúnta uile (lena n-áirítear bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla cuí) chun do chuid sonraí pearsanta a chosaint.

1.6 Má dhéanaimid cinneadh ag aon am chun úsáid a bhaint as do chuid sonraí pearsanta i mbealach difriúil ón gceann leagtha amach san fhógra um chosaint sonraí seo, nó ón gceann a nochtadh duit ar dhóigh eile ag an am an bhailithe, cuirfimid ar an eolas tú, agus beidh tú in ann roghnú cibé a bhainfimid nó nach mbainfimid úsáid as do chuid sonraí sa slí nua.

1.7 Tá sé de cheart agat, faoi réir díolúintí áirithe, cóip a fháil d'aon sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn fút agus chun aon mhíchruinneas ina leithéid de shonraí a cheartú. Más mian leat leas a bhaint as aon cheann de na cearta seo, déan teagmháil linn le do thoil ag eFlow, Bosca OP 11302, Baile Átha Cliath 17. Déileálfar le d'iarratas chomh luath agus is féidir agus ní thógfaidh sé níos mó ná 40 lá chun é a phróiseáil.

1.8 Trí iarratas a chur isteach ar chuntas a oscailt linn, toilíonn tú leis seo le húsáidí agus nochtadh sonraí pearsanta sainithe san fhógra um chosaint sonraí seo. Teagmháil a dhéanamh linn

Is féidir leat dul i dteagmháil le eFlow Barrier Free-Tolling trí rphost a sheoladh chuig customerservice@eflow.ie, ar líne ag www.eflow.ie, ar an nguthán ar 1890 50 10 50, le facs chuig 01 4430555 nó trí mheán an phoist ag eFlow, Bosca OP 11302, Baile Átha Cliath 17, Éire.

Ainm gnó cláraithe de chuid an Údarás um Bóithre Náisiúnta is ea eFlow Barrier-Free Tolling.

Is trádmharc cláraithe de chuid an Údarás um Bóithre Náisiúnta é eFlow.